**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 63/2020**

**an 30 Aibreán 2020**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/488]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointí 1 (Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) agus 14 (Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '- **32018 L 0843**: Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 43).'

2. Cuirtear an méid seo a leanas le pointe 23b (Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   ', arna leasú le:

   — **32018 L 0843**: Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 43).'

3. I bpointe 23b (Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle), cuirtear an t-oiriúnú seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (a):

   '(b) I mír 1 d'Airteagal 67, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'laistigh de 9 mí ó dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 63/2020 ó Chomhchoiste LEE an 30 Aibreán 2020' a bheidh le léamh in ionad na bhfocal 'faoin 10 Meán Fómhair 2020'.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Threoir (AE) 2018/843 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2020, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

([1]) IO L 156, 19.6.2018, lch. 43.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Aibreán 2020.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Clara GANSLANDT

**Dearbhú ó Stáit CSTE**

**maidir le Cinneadh Uimh. 63/2020 lena n-ionchorpraítear Treoir (AE) 2018/843 i gComhaontú LEE**

Tá forálacha i dTreoir (AE) 2018/843 ina bhfuil tagairtí do ghníomhartha arna nglacadh faoi Theideal V CFAE. Tugtar chun cuimhne go bhfuil ionchorprú gníomhartha ina bhfuil na forálacha sin i gComhaontú LEE gan dochar don tuiscint go dtagann reachtaíocht an Aontais arna glacadh de bhun Theideal V CFAE lasmuigh de raon feidhme Chomhaontú LEE.